Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Samhain 2026
(OR. en)

15316/26

Comhad Idirinstitiúideach: 2026/0344 (NLE)

COPEN 415
JUSTCIV 133
FREMP 343
JAI 1377

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	5 Samhain 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 597 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Gairm an Dlíodóra a Chosaint, i ndáil le hábhair nach mbaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus choiriúla

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 597 final.

Faoi iamh: COM(2026) 597 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.11.2026
COM(2026) 597 final

2026/0344 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le síniú, thar ceann an Aontais, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Gairm an Dlíodóra a Chosaint, i ndáil le hábhair nach mbaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus choiriúla

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Baineann an togra seo le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Gairm an Dlíodóra a Chosaint (dá ngairtear ‘an Coinbhinsiún’ anseo feasta) maidir le hábhair nach mbaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus choiriúla. Ag an am céanna, tá togra á thíolacadh ag an gCoimisiún freisin maidir le síniú an Choinbhinsiúin i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus choiriúla (féach togra COM(2026)594). Thairis sin, tá sé beartaithe aige, in am trátha, tograí a chur isteach maidir le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus choiriúla agus ábhair nach mbaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus choiriúla araon, chomh maith le togra le haghaidh cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) maidir leis an seasamh atá le glacadh ag na Ballstáit thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Airí i ndáil leis an gcinneadh maidir leis na módúlachtaí chun rannchuidiú le cistiú ghníomhaíochtaí an Ghrúpa Saineolaithe um Chosaint Dlíodóirí (GRAVO) agus Choiste na bPáirtithe sa Choinbhinsiún (COP).

Tá ról bunúsach ag dlíodóirí i sochaithe daonlathacha. Tá siad ríthábhachtach chun an smacht reachta a chaomhnú, chun rochtain ar an gceartas a áirithiú agus chun cosaint chearta an duine agus saoirsí bunúsacha a áirithiú. Mar sin féin, tá dlíodóirí faoi ionsaí níos mó ná riamh as a ngairm a chleachtadh, bíodh sin i bhfoirm ciaptha, bagairtí, ionsaithe nó cur isteach ar fheidhmiú a bhfreagrachtaí gairmiúla, lena n-áirítear laistigh den Aontas Eorpach.

Is freagairt ar na forbairtí sin é Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Gairm an Dlíodóra a Chosaint. Is é is aidhm dó dlíodóirí agus a gcomhlachais ghairmiúla a chosaint, a bhfuil ról ríthábhachtach acu maidir le cearta agus leasanna dlíodóirí a chosaint ina n-aonar agus mar ghairm araon. Déileálann an Coinbhinsiún leis an gceart chun an ghairm a shaothrú, le cearta gairmiúla, leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, leis an dlí araíonachta agus le bearta cosanta sonracha do dhlíodóirí agus dá gcomhlachais ghairmiúla. Is é an chéad chonradh idirnáisiúnta é atá ceangailteach ó thaobh dlí agus atá tiomnaithe do ghairm an dlíodóra a chosaint agus tá sé oscailte do Bhallstáit lasmuigh de Bhallstáit Chomhairle na hEorpa. Déanfaidh GRAVO agus COP faireachán ar chomhlíonadh an Choinbhinsiúin.

Ó thaobh an Aontais de, tá sé ríthábhachtach dlíodóirí a chosaint ar ionsaithe d’fhonn luachanna coiteanna an Aontais a chosaint maidir leis an meas ar dhínit an duine, an tsaoirse, an daonlathas, an comhionannas, an smacht reachta agus an meas ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad mar a chumhdaítear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). Dá bhrí sin, is féidir a mheas go bhfuil cuspóirí an Choinbhinsiúin ailínithe le cuspóirí an Aontais.

Tá roinnt gnéithe de na forálacha maidir le cearta gairmiúla dlíodóirí agus cosaint dlíodóirí i bhfeidhmiú a ngairme a leagtar amach sa Choinbhinsiún cumhdaithe cheana féin in ionstraimí dhlí an Aontais. Áirítear leis sin *acquis* an Aontais maidir le cearta nós imeachta, arb é atá ann Treoir 2010/64/AE maidir leis an gceart chun ateangaireachta agus aistriúcháin in imeachtaí

coiriúla[1], Treoir 2012/13 maidir leis an gceart chun faisnéise in imeachtaí coiriúla[2], Treoir 2013/48 maidir le rochtain ar dhlíodóir in imeachtaí coiriúla[3], Treoir (AE) 2016/343 maidir le gnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta agus den cheart chun bheith i láthair ag an triail in imeachtaí coiriúla a neartú[4], Treoir 2016/800 maidir le coimircí nós imeachta do leanaí in imeachtaí coiriúla[5], chomh maith le hionstraimí de chuid *acquis* mhargadh inmheánach an Aontais, lena n-áirítear Treoir (AE) 2016/1919 maidir le cúnamh dlíthiúil do dhaoine atá faoi dhrochamhras agus do dhaoine cúisithe in imeachtaí coiriúla agus do dhaoine iarrtha in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach[6], chomh maith le Treoir 2024/1069[7] (an Treoir Frith-SLAPP), Treoir 77/249 maidir le saoirse dlíodóirí chun seirbhísí a sholáthar[8], Treoir 98/5 maidir le cleachtadh ghairm an dlíodóra i mBallstát eile[9] agus Treoir 2006/123[10] (an Treoir um Sheirbhísí).

Ghlac an Coiste Airí an Coinbhinsiún an 12 Márta 2025 agus osclaíodh é lena shíniú i Lucsamburg an 13 Bealtaine 2025.

Is é is cuspóir don togra seo tús a chur leis an bpróiseas chun an Coinbhinsiún a shíniú thar ceann an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 218(5) CFAE maidir le hábhair nach mbaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus choiriúla.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Is é an Coinbhinsiún an chéad ionstraim idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí agus atá tiomnaithe go hiomlán do ghairm an dlíodóra a chosaint. Cuirfidh sé príomhchaighdeáin chun cinn i measc chomhaltaí Chomhairle na hEorpa chomh maith le comhpháirtithe idirnáisiúnta eile a d'fhéadfadh a bheith ina bPáirtithe sa Choinbhinsiún i ngach réimse dlí, lena n-áirítear i

---

1 Treoir 2010/64/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir leis an gceart chun ateangaireachta agus chun aistriúcháin in imeachtaí coiriúla, IO L 280, 26.10.2010, lgh. 1–7.

2 Treoir 2012/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir leis an gceart chun faisnéise in imeachtaí coiriúla, IO L 142, 1.6.2012, lgh. 1–10.

3 Treoir 2013/48/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir leis an gceart rochtana ar dhlíodóir in imeachtaí coiriúla agus in imeachtaí a bhaineann leis an mbarántas gabhála Eorpach, agus leis an gceart go gcuirfí tríú páirtí ar an eolas tráth caillte na saoirse agus chun cumarsáid a dhéanamh le tríú daoine agus le húdaráis chonsalachta le linn don tsaoirse a bheith caillte, IO L 294, 6.11.2013, lgh. 1–12.

4 Treoir (AE) 2016/343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le neartú ar ghnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta agus den cheart chun bheith i láthair le linn na trialach in imeachtaí coiriúla, IO L 65, 11.3.2016, lgh. 1–11.

5 Treoir (AE) 2016/800 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir leis na coimircí nós imeachta do leanaí atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe in imeachtaí coiriúla, IO L 132, 21.5.2016, lgh. 1–20.

6 Treoir (AE) 2016/1919 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le cúnamh dlí do dhaoine atá faoi dhrochamhras agus daoine atá cúisithe in imeachtaí coiriúla agus do dhaoine iarrtha in imeachtaí a bhaineann leis an mbarántas gabhála Eorpach, IO L 297, 4.11.2016, lgh. 1–8.

7 Treoir (AE) 2024/1069 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le daoine a bhíonn ag gabháil do rannpháirtíocht phoiblí a chosaint ar éilimh atá go follasach gan bhunús nó ar imeachtaí cúirte mí-úsáideacha ('Cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne na rannpháirtíochta poiblí'), PE/88/2023/REV/1, IO L, 2024/1069, 16.4.2024.

8 Treoir 77/249/CEE ón gComhairle an 22 Márta 1977 chun feidhmiú éifeachtach dlíodóirí chun seirbhísí a sholáthar a éascú, IO L 78, 26.3.1977, lgh. 17–18.

9 Treoir 98/5/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 1998 chun cleachtas ghairm an dlíodóra a éascú ar bhonn buan i mBallstát eile seachas an Ballstát ina bhfuarthas an cháilíocht, IO L 77, 14.3.1998, lgh. 36–43.

10 Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach, IO L 376, 27.12.2006, lgh. 36–68.

réimsí an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla (go sonrach i réimse na gceart agus na gcoimircí nós imeachta in imeachtaí coiriúla), an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair shibhialta, saorghluaiseacht oibrithe agus an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar.

Tá forluí substaintiúil idir Airteagal 2, mír 2, fomhír b, den Choinbhinsiún (raon feidhme - dlíodóirí a chleachtann faoina dteideal baile i bPáirtí eile), agus Airteagail 5 (teideal chun cleachtais), 6 (cearta gairmiúla dlíodóirí) agus 8 (araíonacht) den Choinbhinsiún agus Treoir 77/249 maidir le saoirse dlíodóirí seirbhísí a sholáthar, Treoir 98/5 maidir le cleachtadh a ngairme i mBallstát eile agus Treoir 2006/123 (an Treoir maidir le Seirbhísí).

Tá forluí idir Airteagal 5 den Choinbhinsiún maidir le teidlíocht chun cleachtais agus Airteagal 6 maidir le cearta gairmiúla dlíodóirí agus rialacha an Aontais a leagtar amach i dTreoir 77/249 (soláthar seirbhísí dlíodóirí) agus i dTreoir 98/5 (bunú dlíodóirí) maidir le dlíodóirí an Aontais a sholáthraíonn seirbhísí i mBallstát eile chomh maith le hAirteagal 10 de Threoir 2006/123 (an Treoir maidir le Seirbhísí) lena bhforáiltear go mbeidh ‘scéimeanna údarúcháin’ bunaithe ar chritéir lena gcuirtear bac ar na húdaráis inniúla a gcumhacht mheasúnaithe a fheidhmiú ar bhealach treallach.

Tá forluí idir Airteagal 8 den Choinbhinsiún maidir le haraíonacht agus Treoir 98/5 a mhéid a éilíonn an Treoir sin go mbeidh cinntí lena bhforchuirtear bearta araíonachta faoi réir agóide dlí os comhair cúirte nó binse neamhspleách.

Ní cosúil go n-eisiatar leis an gCoinbhinsiún dlíodóirí fostaithe ó thairbhe a bhaint as na príomhchearta maidir le teidlíocht chun cleachtais agus as na cearta gairmiúla ar an mbealach céanna le dlíodóirí féinfhostaithe. Dá bhrí sin, chun comhoiriúnacht le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a áirithiú[11], tá gá le dearbhú ón Aontas i gcomhréir le hAirteagal 20, mír 1, den Choinbhinsiún á rá, chun críocha Airteagal 3, fomhír a, den Choinbhinsiún, nach n-áirítear leis an téarma ‘dlíodóir’ daoine atá faoi cheangal ag a gcliaint trí chaidreamh fostaíochta.

Ina theannta sin, moltar dearbhú go sonrach maidir le léirmhíniú Airteagal 6(3) den Choinbhinsiún á rá go measann an tAontas go bhfuil síniú agus tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin ag an Aontas gan dochar do raon feidhme agus do choinníollacha na pribhléide gairmiúla dlíthiúla in imeachtaí chun dlí an Aontais a fhorfheidhmiú, mar a chinntear le dlí an Aontais agus, go háirithe, le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh[12].

Thairis sin, ba cheart don Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 21 den Choinbhinsiún, an ceart a fhorchoimeád gan Airteagal 6, mír 1, fomhíreanna b, c agus i, den Choinbhinsiún a chur i bhfeidhm maidir le gníomhairí a dhéanann ionadaíocht ar institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais atá aitheanta, i gcomhréir le hAirteagal 2, mír 3, fomhír b, den Choinbhinsiún, ag cúirt nó binse idirnáisiúnta, nó ag comhlacht arna bhunú ag eagraíocht idirnáisiúnta, mar ghníomhairí atá inniúil chun gníomhú in imeachtaí os a chomhair le linn dó comhairle a thabhairt maidir leis na himeachtaí sin nó gníomhú iontu, chun a áirithiú go

[11] Féach, go háirithe, breithiúnais na Cúirte an 18 Bealtaine 1982, *AM & S Europe v Coimisiún na gComhphobal Eorpach*, 155/79, EU:C:1982:157 agus an 4 Meán Fómhair 2025, *Studio Legale Ughi e Nunziante v Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh*, C-776/22 P, EU:C:2025:644.

[12] Féach, go háirithe, breithiúnais na Cúirte an 14 Meán Fómhair 2010, *Akzo Nobel Chemicals agus Akcros Chemicals v an Coimisiún*, C-550/07 P, EU:C:2010:512; an 8 Nollaig 2022, *Orde van Vlaamse Balies agus Eile*, C-694/20, EU:C:2022:963; an 26 Meán Fómhair 2024, *Ordre des avocats du Barreau de Luxembourg*, C-432/23, EU:C:2024:791.

mbeidh an Coinbhinsiún comhsheasmhach le cineál na hionadaíochta a dhéanann gníomhairí na hinstitiúide de chuid an Aontais. Ní fhéadfar aon fhorchoimeádas a dhéanamh maidir le hAirteagail 7 agus 9, mír 4, den Choinbhinsiún a chur i bhfeidhm maidir le gníomhairí a dhéanann ionadaíocht ar institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, i gcás ina mbeidh na gníomhairí sin, i gcomhréir le hAirteagal 2, mír 3, fomhír b, den Choinbhinsiún, aitheanta ag cúirt nó binse idirnáisiúnta, nó ag comhlacht arna bhunú ag eagraíocht idirnáisiúnta, a bheith inniúil chun gníomhú in imeachtaí os a comhair nuair a bheidh comhairle á tabhairt acu maidir leis na himeachtaí sin nó nuair a bheidh siad ag gníomhú in imeachtaí den sórt sin. Tá cur i bhfeidhm na bhforálacha sin comhsheasmhach, áfach, le Rialacháin Foirne an Choimisiúin.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Áirítear ar bheartais eile de chuid an Aontais a ndéanann an Coinbhinsiún difear dóibh, go háirithe, *acquis* an Aontais maidir le cearta nós imeachta, ina bhfuil Treoir 2010/64/AE maidir leis an gceart chun ateangaireachta agus aistriúcháin in imeachtaí coiriúla, Treoir 2012/13 maidir leis an gceart chun faisnéise in imeachtaí coiriúla, Treoir 2013/48 maidir le rochtain ar dhlíodóir in imeachtaí coiriúla, Treoir (AE) 2016/343 maidir le neartú ar ghnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta agus den cheart chun bheith i láthair le linn na trialach in imeachtaí coiriúla, Treoir 2016/800 maidir le coimircí nós imeachta do leanaí in imeachtaí coiriúla agus Treoir (AE) 2016/1919 maidir le cúnamh dlíthiúil do dhaoine atá faoi amhras agus do dhaoine cúisithe in imeachtaí coiriúla agus do dhaoine iarrtha in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach, chomh maith le Treoir 2024/1069 (Treoir Frith-SLAPP).

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí substainteach**

Braitheann an bunús dlí substainteach le haghaidh cinnidh faoi Airteagal 218(5) CFAE go príomha ar chuspóir agus ar ábhar comhaontaithe idirnáisiúnta atá le síniú. Má shaothraítear dhá aidhm le comhaontú idirnáisiúnta nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(5) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

Maidir le comhaontú idirnáisiúnta a bhfuil roinnt cuspóirí éagsúla á saothrú go comhuaineach leis, nó a bhfuil roinnt comhpháirteanna éagsúla ann, ar cuspóirí nó comhpháirteanna iad a bhfuil dlúthnasc doscartha eatarthu gan aon cheann acu a bheith teagmhasach le hais an chinn eile, ní mór, ar bhonn eisceachtúil, na boinn chomhfhreagracha dlí ar fad a áireamh sa bhunús substainteach dlí atá leis an gcinneadh faoi Airteagal 218(5) CFAE.

Ós rud é gurb iad an comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus choiriúla chomh maith le rialacha maidir le soláthar seirbhísí ag dlíodóirí féinfhostaithe agus fostaithe príomhchuspóirí agus príomh-chomhpháirteanna an Choinbhinsiúin, is iad Airteagail 81(2), 82(2), 46, 53(1) agus 62 CFAE na bunúis dlí shubstainteacha.

De bhun Airteagal 1 den Choinbhinsiún, is é is cuspóir dó '*cosaint ghairm an dlíodóra agus an ceart chun an ghairm sin a chleachtadh go neamhspleách agus gan idirdhealú, bac nó cur isteach míchuí, nó a bheith faoi réir ionsaithe, bagairtí, ciaptha nó imeaglaithe*' a neartú. Dá bhrí sin, léiríonn an Coinbhinsiún cur chuige ilghnéitheach chun gairm an dlíodóra a chosaint, lena n-ionchorpraítear ráthaíochtaí riachtanacha maidir le neamhspleáchas, cearta gairmiúla a

bhunú do dhlíodóirí agus coimircí i gcoinne idirdhealaithe agus bac nó cur isteach míchuí. Dá réir sin, cuireann sé d'oibleagáid ar na Páirtithe roinnt beart a dhéanamh a dhéanann difear do réimsí éagsúla dlí. Leagtar amach in Airteagail 2, 5, 6, 7, 8 agus 9 den Choinbhinsiún na hoibleagáidí substainteacha a bhfuil forluí eatarthu le dlí an Aontais.

Baineann Airteagal 5 den Choinbhinsiún le caighdeáin chun dul i mbun na gairme, le húdarú leanúnach nó le hathligean isteach dlíodóirí chun cleachtadh. Déantar foráil le hAirteagal 6 den Choinbhinsiún maidir le cearta a bhaineann le príomhról dlíodóra amhail comhairle dlí, cúnamh agus ionadaíocht a sholáthar, iarratais nó tairiscintí a chur isteach thar ceann a gcliant agus rannpháirtíocht éifeachtach sna himeachtaí uile ina bhfuil siad ag gníomhú thar ceann a gcliant. Ceanglaítear le hAirteagal 8 den Choinbhinsiún go mbeidh cinntí lena bhforchuirtear bearta araíonachta faoi réir agóid dhlíthiúil os comhair cúirt nó binse neamhspleách neamhchlaonta arna bunú nó arna bhunú le dlí. Is iad Airteagal 53(1) CFAE (saoirse bhunaíochta do dhaoine féinfhostaithe) agus Airteagal 62 CFAE (saoirse chun seirbhísí a sholáthar) na bunúis dlí shubstainteacha ábhartha ina leith sin. Ina theannta sin, tá Airteagal 46 CFAE (saorghluaiseacht oibrithe) ábhartha ós rud é go mbaineann dlíodóirí fostaithe tairbhe ar an mbealach céanna as na príomhchearta maidir le teidlíocht chun cleachtais agus as na cearta gairmiúla mar dhlíodóirí féinfhostaithe.

Bunaítear le hAirteagal 6 den Choinbhinsiún cearta gairmiúla dlíodóirí gan beann ar an réimse ina soláthraítear seirbhísí dlí i ndáil le hionadaíocht a dhéanamh ar a gcliaint, lena n-áirítear pribhléid ghairmiúil dlí a chosaint. Déantar foráil le hAirteagal 9 den Choinbhinsiún maidir le ráthaíochtaí nós imeachta do dhlíodóirí ar daoine iad féin atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe. Tagann na forálacha sin faoi inniúlacht an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 82(2), pointe (b), CFAE (cearta daoine aonair sa nós imeachta coiriúil). Mar a léirítear thuas i ndáil le comhsheasmhacht an Choinbhinsiúin le beartas an Aontais atá ann cheana, ní dhéanann an Coinbhinsiún difear do rialacha dhlí an Aontais lena rialaítear raon feidhme agus coinníollacha na pribhléide gairmiúla dlíthiúla is infheidhme in imeachtaí chun dlí an Aontais a fhorfheidhmiú, mar a bhunaítear go háirithe i gcásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Baineann Airteagal 6, mír 5, den Choinbhinsiún le dlíodóirí nach mbíonn thíos le hiarmhairtí díobhálacha de thoradh iad a bheith sainaitheanta lena gcliaint nó le cúis a gcliant. Ba cheart an fhoráil sin a léamh i gcomhar le hAirteagal 9, mír 4, den Choinbhinsiún lena gcuirtear d'oibleagáid ar na Páirtithe bearta a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh dlíodóirí in ann a ngníomhaíochtaí gairmiúla a dhéanamh agus a gceart a fheidhmiú faoi Airteagal 7 den Choinbhinsiún (saoirse chun tuairimí a nochtadh), gan bheith ina sprioc ionsaithe, bagairtí, ciaptha agus imeaglaithe nó gan a bheith faoi réir bac ná cur isteach míchuí ar bhealach eile. I ndáil leis sin, is é Airteagal 81(2), pointe (f), CFAE an bunús dlí substainteach lena ndéantar foráil maidir le deireadh a chur le bacainní ar fheidhmiú cuí imeachtaí sibhialta.

Déantar foráil le hAirteagal 2, mír 2, fomhír b, den Choinbhinsiún maidir leis na coinníollacha faoina bhfuil na forálacha a bhaineann le teidlíocht chun cleachtais (Airteagal 5), cearta gairmiúla dlíodóirí (Airteagal 6), saoirse chun tuairimí a nochtadh (Airteagal 7), araíonacht (Airteagal 8) agus bearta cosanta (Airteagal 9) infheidhme maidir le dlíodóirí a sholáthraíonn, faoina dteideal baile, comhairle dlí, cúnamh nó ionadaíocht i bPáirtí eile. Tagann na forálacha sin faoi inniúlacht an Aontais faoi Airteagail 46, 53(1) agus 62 CFAE a mhéid a bhaineann le cearta saorghluaiseachta dlíodóirí laistigh den Aontas.

Baineann na hábhair a thagann faoi inniúlacht an Aontais mar a liostaítear thuas le roinnt comhpháirteanna den Choinbhinsiún atá idirnasctha go dlúth agus a fhónann go

comhpháirteach chun cuspóirí an Choinbhinsiúin a chomhlíonadh. Ní féidir príomh-chomhpháirt a shainaithint: Tá fíorghealltanais in Airteagail 2, mír 2, fomhír (b), agus in Airteagail 5, 6, 7, 8 agus 9 den Choinbhinsiún lena mbunaítear creat leathan chun gairmithe dlí a chosaint, lena n-áirítear ráthaíochtaí neamhspleáchais, coimircí i gcoinne idirdhealaithe agus bac nó cur isteach míchuí. Tá na ráthaíochtaí uile, i dteannta a chéile, chomh tábhachtach céanna chun cuspóirí an Choinbhinsiúin a bhaint amach mar a leagtar amach in Airteagal 1.

A mhéid atá roinnt forálacha den Choinbhinsiún, de bhun Airteagal 2, mír 3, fomhír b de, infheidhme maidir le gníomhairí a dhéanann ionadaíocht thar ceann institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais os comhair cúirteanna idirnáisiúnta, lena n-áirítear Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, tagann na hoibleagáidí ábhartha faoi raon feidhme Airteagal 336 CFAE. Mar sin féin, is féidir na hoibleagáidí sin a mheas mar oibleagáidí de chineál teagmhasach i gcomparáid leis na comhpháirteanna eile den Choinbhinsiún agus, dá bhrí sin, níor cheart iad a léiriú sa bhunús dlí substainteach.

Dá bhrí sin, is iad Airteagail 81(2), 82(2), 46, 53(1) agus 62 CFAE atá sa bhunús dlí substainteach iomchuí chun gníomhartha ón gComhairle a ghlacadh maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin thar ceann an Aontais.

Ní féidir dul i muinín cinneadh aonair bunaithe ar dhébhunús dlí i gcás ina bhfuil na nósanna imeachta a leagtar síos do gach bunús dlí ar neamhréir lena chéile.

Chun seasamh speisialta na hÉireann agus na Danmhairge a chur san áireamh maidir le Teideal V de Chuid a Trí CFAE de bhua Phrótacal Uimh. 21 agus Phrótacal Uimh. 22 atá i gceangal le CAE agus le CFAE, ní féidir Airteagal 81(2) agus Airteagal 82(2) CFAE a chomhcheangal le hAirteagal 46, le hAirteagal 53(1) agus le hAirteagal 62 CFAE. Dá bhrí sin, is gá dhá shraith ar leith de thograí a thíolacadh chun an comhaontú a shíniú agus a thabhairt i gcrích (ceann amháin bunaithe ar Airteagail 81(2) agus 82(2) CFAE agus an ceann eile ar Airteagail 46, 53(1) agus 62 CFAE).

- **Bunús dlí don nós imeachta**

Déantar foráil le hAirteagal 218(5) CFAE, i gcás nach mbaineann an comhaontú atá beartaithe go heisiach ná go príomha leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála, cuirfidh an Coimisiún togra faoi bhráid na Comhairle. Glacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údaraítear síniú an chomhaontaithe.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún síniú Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Gairm an Dlíodóra a Chosaint a údarú, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

Is é Airteagal 218(5) CFAE bunús dlí nós imeachta an chinnidh atá beartaithe chun síniú an Choinbhinsiúin a údarú.

- **Inniúlacht an Aontais**

Baineann an togra seo le forálacha an Choinbhinsiúin a bhaineann le saoirse bhunaíochta dlíodóirí féinfhostaithe agus leis an tsaoirse chun seirbhísí dlí a sholáthar. Tagann na hábhair sin faoi inniúlacht an Aontais faoi Airteagail 53 agus 62 CFAE. A mhéid a fhéadfaidh na daoine a thagann faoi raon feidhme chur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin a bheith ina n-oibrithe freisin de réir bhrí dhlí an Aontais, baineann an togra le forálacha an Choinbhinsiúin a bhaineann le saorghluaiseacht oibrithe (dlíodóirí fostaithe). Tagann na hábhair sin faoi inniúlacht an Aontais faoi Airteagal 45 CFAE. Mar a shonraítear thuas sa roinn ‘Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana’, ghlac an tAontas

rialacha comhchoiteanna bunaithe ar Airteagail 45, 53 agus 62 CFAE a fhorluíonn leis na forálacha a leagtar amach sa Choinbhinsiún.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Comhréireacht**

Tá luachanna an Aontais, mar a leagtar amach in Airteagal 2 CAE iad, óna ndíorthaítear na príomhchuspóirí chun ár ndaonlathais a neartú, chun seasamh leis an smacht reachta agus chun cearta agus saoirsí bunúsacha a chosaint agus a chur chun cinn, ag teacht le cuspóirí an Choinbhinsiúin, mar a leagtar amach i Roinn 1 ('Cúiseanna leis an togra'). Ní féidir cur chun cinn na bpríomhchaighdeán a fhreastalaíonn ar na cuspóirí sin i réimsí na gceart trialach córa agus na gcoimircí nós imeachta agus i réimsí na saorghluaiseachta oibrithe agus na saoirse chun seirbhísí a sholáthar i measc chomhaltaí Chomhairle na hEorpa chomh maith le comhpháirtithe idirnáisiúnta eile ar féidir leo a bheith ina bPáirtithe sa Choinbhinsiún a bhaint amach ar bhealach chomh héifeachtúil nó a mhéid céanna agus dul i mbun caibidlíochta le tíortha aonair nach Ballstáit den Aontas iad ar an leibhéal déthaobhach chun na caighdeáin sin a dhaingniú. Ina theannta sin, is féidir a mheas go bhfuil raon feidhme an Choinbhinsiúin teoranta don mhéid is gá chun a phríomhchuspóir a bhaint amach. Cuirtear san áireamh ann an bealach éagsúil inar féidir gairm an dlíodóra a eagrú i mBallstáit Chomhairle na hEorpa agus sínitheoirí féideartha eile an Choinbhinsiúin seo agus ní bhunaítear leis ach na príomhchearta sin atá fíor-riachtanach chun dlíodóirí a chosaint ar ionsaithe míchuí agus ar chur isteach míchuí ar fheidhmiú a ngairme.

- **An rogha ionstraime**

Cuirtear an togra seo le haghaidh cinneadh ón gComhairle isteach i gcomhréir le hAirteagal 218(5) CFAE, lena mbeartaítear go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údarófar an Coinbhinsiún a shíniú. Níl aon ionstraim dlí eile ann a d'fhéadfaí a úsáid chun an cuspóir a chuirtear in iúl sa togra seo a bhaint amach.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ní dhearna an Coimisiún Eorpach comhairliúchán sonrach le páirtithe leasmhara maidir leis an togra seo.

Iarracht chomhoibríoch a bhí i mionsaothrú an Choinbhinsiúin ó Choiste Saineolaithe Chomhairle na hEorpa um Chosaint Dlíodóirí (CJ-AV), ó ionadaithe Bhallstáit Chomhairle na hEorpa chomh maith le roinnt rannpháirtithe agus breathnóirí ó eagraíochtaí neamhrialtasacha (Avocats sans Frontiers, Comhairle Bharraí agus Chumainn Dlí na hEorpa, Cónaidhm Bharraí na hEorpa, Comhlachas Eorpach na nDlíodóirí, Comhlachas Barra Coiriúla na hEorpa, Comhlachas Idirnáisiúnta an Bharra agus a Institiúid um Chearta an Duine, an Coimisiún

Idirnáisiúnta Dlí-Eolaithe, Comhlachas Idirnáisiúnta na nDlíodóirí, Fondúireacht ‘Dlíodóirí do Dhlíodóirí’, Faireachlann Idirnáisiúnta na nDlíodóirí i mBaol).

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Measúnú tionchair**

Cuirtear tionchair ábhartha i láthair sa mheabhrán míniúcháin seo.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Cearta bunúsacha**

Leis an gCoinbhinsiún, neartaítear go mór an creat dlíthiúil idirnáisiúnta chun cearta bunúsacha dlíodóirí agus a gcliant a chosaint, go háirithe an ceart chun triail chóir a fháil agus cearta nós imeachta daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine cúisithe a thagann faoin gceart chun cosanta, i gcomhréir leis na caighdeáin atá ann cheana ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt) (féach, go háirithe, Airteagail 47 agus 48 den Chairt). Meabhraíonn sé go sonrach an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus áirithíonn sé go gcomhlíontar é.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Tá impleachtaí buiséadacha ann don Aontas arb é atá iontu an ranníocaíocht a cheanglaítear ar Pháirtithe nach comhaltaí de Chomhairle na hEorpa iad a íoc le cistiú ghníomhaíochtaí GRAVO agus Choiste na bPáirtithe (féach Airteagal 18, mír 3, den Choinbhinsiún). Is é an Coiste Airí a chinnfidh na módúlachtaí maidir le ranníocaíochtaí den sórt sin a dhéanamh. Léirítear sa Tuarascáil Mhíniúcháin a ghabhann leis an gCoinbhinsiún go mbeadh feidhm ag Rún CM/Res(2022)6 ón gCoiste Airí maidir le socruithe airgeadais le haghaidh rannpháirtíocht an Aontais Eorpaigh agus Stát nach Ballstáit iad i sásraí leantacha choinbhinsiúin Chomhairle na hEorpa chun na costais a bheadh i gceist le haontachas an Aontais Eorpaigh don Eagraíocht a chumhdach, go háirithe i ndáil leis an sásra leantach.

Ní mheasann an Coimisiún gurb iomchuí cur i bhfeidhm an mhodha chun rannchuidiú an Aontais a leagtar amach i Rún 2022 a ríomh, toisc nach gcuirtear san áireamh ann go n-aontaíonn an tAontas don Choinbhinsiún in éineacht lena Bhallstáit. Dá bhrí sin, molann an Coimisiún dearbhú, atá i gceangal leis na tograí seo, maidir le tuiscint an Aontais ar Airteagal 18, mír 3, den Choinbhinsiún. Luaitear sa dearbhú sin go dtuigeann an tAontas go mbunóidh an Coiste Airí a ranníocaíocht le cistiú ghníomhaíochtaí GRAVO agus Choiste na bPáirtithe sa Choinbhinsiún, tar éis comhaontú leis an Aontas maidir leis an ranníocaíocht sin a ríomh, agus é á chur san áireamh go n-aontóidh an tAontas don Choinbhinsiún in éineacht lena Bhallstáit.

Ina theannta sin, tíolacfaidh an Coimisiún togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 218(9) CFAE lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh ag na Ballstáit thar ceann an Aontais sa Choiste Airí nuair a dhéanfar cinneadh maidir leis an modh chun ranníocaíocht airgeadais an Aontais a ríomh. Molann an Coimisiún go n-úsáidfí an modh céanna ríofa agus a comhaontaíodh, de bhua malartú litreacha, i gcás Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc

agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl). Foráiltear leis sin go ndéanfaidh an tAontas ranníocaíocht atá cothrom le ranníocaíocht mór-ranníocóra.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Níl aon phlean cur chun feidhme sonrach beartaithe. Beidh ar na Páirtithe an Coinbhinsiún a chur chun feidhme tar éis a dhaingnithe. Déantar foráil sa Choinbhinsiún, áfach, maidir le sásra faireacháin i bhfoirm an Ghrúpa Saineolaithe um Ghairm an Dlíodóra a Chosaint (GRAVO) a bhfuil sé de chúram air faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Choinbhinsiúin ag na Páirtithe (féach Airteagal 10 den Choinbhinsiún). Beidh GRAVO comhdhéanta d'ochtar comhaltaí ar a laghad agus de 12 chomhalta ar a mhéad, a bheidh le toghadh ag Coiste na bPáirtithe as measc iarrthóirí arna n-ainmniú ag na Páirtithe ar feadh téarma oifige 4 bliana, a bheidh in-athnuaite uair amháin, agus a roghnófar as measc náisiúnaigh na bPáirtithe.

Déanfar measúnú tréimhsiúil ar chomhlíonadh, agus saineoidh GRAVO an raon feidhme agus na modhanna iomchuí chun an nós imeachta meastóireachta a dhéanamh. Tá faisnéis faoi chur chun feidhme an Choinbhinsiúin le soláthar ag na Páirtithe. Féadfar tuilleadh faisnéise a fháil ó eagraíochtaí neamhrialtasacha agus ón tsochaí shibhialta, ó chomhlachais ghairmiúla, ó institiúidí náisiúnta um chearta an duine a chosaint, ó ionstraimí agus ó chomhlachtaí eile de chuid Chomhairle na hEorpa, agus ó eagraíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta eile, i réimsí a thagann faoi raon feidhme an Choinbhinsiúin seo. Féadfaidh GRAVO cuairteanna tíre a thabhairt freisin.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Áirítear ar na gnéithe den Choinbhinsiún a chumhdaítear leis an togra seo Airteagal 2, mír 2, fomhír b, agus Airteagail 5, 6 agus 8 den Choinbhinsiún chomh maith le hAirteagal 2, mír 3, fomhír b, i gcomhar le hAirteagail 6, 7 agus 9, mír 4, den Choinbhinsiún.

Leagtar amach raon feidhme an Choinbhinsiúin in Airteagal 2. Baineann mír 2, fomhír b le cur i bhfeidhm Airteagail 5 go 9 den Choinbhinsiún, a mhéid is ábhartha dá gcás sonrach, maidir leis na dlíodóirí sin a sholáthraíonn, faoina dteideal baile, comhairle dlí, cúnamh nó ionadaíocht i bPáirtí agus atá ag déanamh amhlaidh de bhun dhlí an Pháirtí sin, dhlí an Aontais Eorpaigh nó comhaontuithe idirnáisiúnta. Mar a léirítear i dTuarascáil Mhíniúcháin an Choinbhinsiúin[17], cumhdaítear go sonrach le mír 2 d'Airteagal 2 socruithe trínar féidir le dlíodóirí cleachtadh i Stáit seachas na Stáit inar údaraíodh dóibh é sin a dhéanamh ar dtús, amhail faoi Threoir 98/5/CE. Soiléirítear a thuilleadh sa Tuarascáil Mhíniúcháin nach ndéanann an mhír seo difear don cheart atá ag Páirtí sa Choinbhinsiún íoscheanglais a bhunú maidir le dlíodóirí ó Stát eile a údarú chun cleachtadh ann. Sonraítear in Airteagal 2, mír 3, fomhír b, den Choinbhinsiún go bhfuil feidhm freisin ag cearta gairmiúla (Airteagal 6), an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh (Airteagal 7) agus bearta cosanta (Airteagal 9, mír 4), mar a leagtar amach sa Choinbhinsiún, maidir le haon duine a n-aithníonn cúirt nó binse idirnáisiúnta nó comhlacht arna bhunú ag eagraíocht idirnáisiúnta go bhfuil sé inniúil chun gníomhú in imeachtaí os a comhair le linn dó comhairle a thabhairt maidir leis na himeachtaí sin nó gníomhú iontu.

Pléitear in Airteagal 5 le teidlíochtaí dlíodóirí a ngairm a chleachtadh agus ceanglaítear ar na Páirtithe a áirithiú go bhforordaítear leis an dlí ligean isteach, údarú leanúnach agus athligean isteach chun cleachtadh mar dhlíodóir agus go bhfuil siad bunaithe ar chritéir oibiachtúla, ábhartha agus thrédhearcacha a chuirtear i bhfeidhm trí phróiseas cothrom agus nach bhfuil faoi réir idirdhealaithe. Ceanglaítear leis freisin cinntí ábhartha a bheith faoi réir athbhreithniú breithiúnach.

Bunaítear le hAirteagal 6 cearta gairmiúla dlíodóirí a bhfuil dlúthbhaint acu le cearta nós imeachta agus coimircí a gcliant in imeachtaí coiriúla. Áirítear leis sin an príomhcheart atá ag dlíodóirí comhairle dlí, cúnamh dlí agus ionadaíocht dlí a thairiscint agus a sholáthar chomh maith le cearta níos sonraí, amhail cearta rochtana ar a gcliaint, ar fhaisnéis atá ábhartha do na himeachtaí dlíthiúla atá i gceist agus a bheith i láthair/rannpháirteach i ngníomhartha nós imeachta chomh maith le cumarsáid a dhéanamh le húdaráis inniúla agus aighneachtaí a dhéanamh chucu. Tá cosaintí ann freisin do phribhléid ghairmiúil dlí (féach mír 3), sainítear teorainneacha na srianta dlisteanacha ar chearta dlíodóirí (féach mír 4) agus bunaítear coimircí i gcoinne iarmhairtí díobhálacha do dhlíodóirí atá nasctha le feidhmiú dlisteanach a ngairme agus ionadaíocht á déanamh acu ar chliant ar leith (féach mír 5).

Ceanglaítear le hAirteagal 8 ar Pháirtithe a áirithiú go bhfuil na forais le haghaidh gníomhaíocht araíonachta in aghaidh dlíodóirí bunaithe go heisiach ar chaighdeáin ghairmiúla iompair a fhorordaítear le dlí agus atá comhsheasmhach iad féin leis na cearta agus na saoirsí sa Choinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint. Áirítear leis sin an prionsabal nach mór do na smachtbhannaí araíonachta a fhorchuirtear ar dhlíodóirí prionsabail na dlíthiúlachta, an neamh-idirdhealaithe agus na comhréireachta a urramú. Tá sé d'oibleagáid ar pháirtithe a áirithiú, go háirithe, an ceart chun triail chóir a fháil i gcomhréir leis na caighdeáin a leagtar amach in Airteagal 6 ECHR agus rochtain ar leigheas éifeachtach i bhfoirm na féidearthachta agóid a dhéanamh i gcoinne cinntí lena bhforchuirtear bearta araíonachta os comhair cúirt nó binse neamhspleách neamhchlaonta arna bunú le dlí (féach mír 2).

- **Síniú agus téacs an Chomhaontaithe**

Cuirtear téacs an Choinbhinsiúin faoi bhráid na Comhairle in éineacht leis an togra seo.

Cuirtear téacs an fhorchoimeádais agus na ndearbhuithe isteach in éineacht leis an togra seo.

I gcomhréir leis na Conarthaí, is faoin gCoimisiún atá sé a áirithiú go síneofar an Coinbhinsiún, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

2026/0344 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le síniú, thar ceann an Aontais, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Gairm an Dlíodóra a Chosaint, i ndáil le hábhair nach mbaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus choiriúla

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 46, 53(1) agus 62 de, i gcomhar le hAirteagal 218(5), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ghlac Coiste Airí Chomhairle na hEorpa Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Gairm an Dlíodóra a Chosaint (‘an Coinbhinsiún’) an 12 Márta 2025 agus osclaíodh é lena shíniú i Lucsamburg an 13 Bealtaine 2025.

(2) Is é is aidhm don Choinbhinsiún cosaint ghairm an dlíodóra agus an ceart chun an ghairm sin a chleachtadh go neamhspleách agus gan idirdhealú, bac nó cur isteach míchuí, nó a bheith faoi réir ionsaithe, bagairtí, ciaptha nó imeaglaithe a neartú. Tugtar aghaidh ann ar an teidlíocht chun cleachtadh, cearta gairmiúla, saoirse chun tuairimí a nochtadh, smacht gairmiúil agus bearta cosanta sonracha do dhlíodóirí agus do chomhlachais ghairmiúla.

(3) Is é an Coinbhinsiún an chéad ionstraim idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí agus atá tiomnaithe do ghairm an dlíodóra a chosaint agus tá sé oscailte lena shíniú ag an Aontas agus ag na Ballstáit lasmuigh de Bhallstáit Chomhairle na hEorpa.

(4) Tá an Coinbhinsiún go hiomlán comhoiriúnach le dlí an Aontais agus tá sé ailínithe le comhluachanna an Aontais a leagtar amach in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). Go háirithe, cuireann sé an smacht reachta agus cearta bunúsacha chun cinn agus bunaíonn sé príomhchaighdeáin ghaolmhara, *inter alia*, i réimsí a bhaineann le teidlíochtaí dlíodóirí chun a ngairm a chleachtadh.

(5) Tá roinnt gnéithe den Choinbhinsiún a bhaineann le cearta gairmiúla dlíodóirí agus cosaint dlíodóirí i bhfeidhmiú a ngairme cumhdaithe cheana in ionstraimí de dhlí tánaisteach an Aontais. Áirítear leis sin, i measc nithe eile, Treoir 77/249/CE ón gComhairle[1] agus na Treoracha seo a leanas ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle: 98/5/CE[2] agus 2006/123/CE[3].

---

[1] Treoir 77/249/CEE ón gComhairle an 22 Márta 1977 chun feidhmiú éifeachtach dlíodóirí chun seirbhísí a sholáthar a éascú (IO L 78, 26.3.1977, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1977/249/oj).

[2] Treoir 98/5/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 1998 chun cleachtas ghairm an dlíodóra a éascú ar bhonn buan i mBallstát eile seachas an Ballstát ina bhfuarthas an cháilíocht (IO L 77, 14.3.1998, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1998/5/oj).

(6) De bhun Airteagal 17 den Choinbhinsiún, tá an Coinbhinsiún ar oscailt lena shíniú ag an Aontas. Ba cheart an tAontas a bheith ina Pháirtí sa Choinbhinsiún in éineacht lena Bhallstáit, ós rud é go bhfuil inniúlachtaí ag an Aontas agus ag na Ballstáit araon sna réimsí a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún.

(7) Tá síniú an Choinbhinsiúin ag an Aontas gan dochar do rialacha dhlí an Aontais lena rialaítear raon feidhme agus coinníollacha na pribhléide gairmiúla dlíthiúla is infheidhme in imeachtaí chun dlí an Aontais a fhorfheidhmiú, mar a chinntear le dlí an Aontais agus, go háirithe, mar a bhunaítear le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

(8) Ba cheart don Aontas roinnt dearbhuithe agus forchoimeádas a dhéanamh chun comhoiriúnacht iomlán a áirithiú idir an Coinbhinsiún agus dlí an Aontais. Go háirithe, ba cheart don Aontas raon feidhme an Choinbhinsiúin a shonrú trí dhearbhuithe dá bhforáiltear in Airteagail 19 agus 20 den Choinbhinsiún. Ba cheart an dearbhú deireanach sin a chomhlánú le dearbhú maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 6, mír 3, den Choinbhinsiún in imeachtaí chun dlí an Aontais a fhorfheidhmiú. Ba cheart don Aontas leas a bhaint freisin as an bhféidearthacht dá bhforáiltear in Airteagal 21 den Choinbhinsiún an ceart a fhorchoimeád gan Airteagal 6 den Choinbhinsiún a chur i bhfeidhm i gcásanna áirithe.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart an Coinbhinsiún a shíniú thar ceann an Aontais, maidir le hábhair nach mbaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus choiriúla agus ba cheart an forchoimeádas agus na dearbhuithe a dhéanamh.

(10) Tá síniú an Choinbhinsiúin i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus choiriúla faoi réir cinneadh ar leithligh arna ghlacadh ag an gComhairle ag an am céanna,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, údaraítear síniú Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Gairm an Dlíodóra a Chosaint thar ceann an Aontais i ndáil le hábhair nach mbaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus choiriúla, faoi réir thabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin sin maidir leis na hábhair sin[4].

Airteagal 2

Formheastar leis seo an forchoimeádas agus na dearbhuithe[5].

---

[3] Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach (IO L 376, 27.12.2006, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/123/oj).

[4] Foilseofar téacs an Choinbhinsiúin in éineacht leis an gcinneadh maidir lena thabhairt i gcrích.

[5] Foilsítear an forchoimeádas agus na dearbhuithe in IO L, [...], ELI [...].

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH

CLÁR

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN .....**Error! Bookmark not defined.**

1. COMHTHÉACS AN TOGRA.....**Error! Bookmark not defined.**

- Forais agus cuspóirí an togra .....**Error! Bookmark not defined.**
- Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**Error! Bookmark not defined**
- Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**Error! Bookmark not defined.**

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT**Error! Bookmark not defined.**

- Bunús dlí substainteach.....**Error! Bookmark not defined.**
- Bunús dlí don nós imeachta .....**Error! Bookmark not defined.**
- Inniúlacht an Aontais .....**Error! Bookmark not defined.**
- Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach).....**Error! Bookmark not defined.**
- Comhréireacht.....**Error! Bookmark not defined.**
- An rogha ionstraime.....**Error! Bookmark not defined.**

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR**Error! Bookm**

- Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**Error! Bookmark**
- Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara .....**Error! Bookmark not defined.**
- Bailiú agus úsáid saineolais .....**Error! Bookmark not defined.**
- Measúnú tionchair.....**Error! Bookmark not defined.**
- Oiriúnacht rialála agus simpliú .....**Error! Bookmark not defined.**
- Cearta bunúsacha .....**Error! Bookmark not defined.**

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA .....**Error! Bookmark not defined.**

5. EILIMINTÍ EILE.....**Error! Bookmark not defined.**

- Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe.....**Error! Bookmark not defined.**
- Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha) .....**Error! Bookmark not defined.**
- Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**Error! Bookmark not defined.**
- Síniú agus téacs an Chomhaontaithe.....**Error! Bookmark not defined.**

RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH**Error! Bookmark not defined.**

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH .**Error! Bookmark not defined.**

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh .....**Error! Bookmark not defined.**

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann.....**Error! Bookmark not defined.**

1.3. Cuspóirí.....**Error! Bookmark not defined.**

1.3.1. Cuspóirí ginearálta .....**Error! Bookmark not defined.**

1.3.2. Cuspóirí sonracha.....**Error! Bookmark not defined.**

1.3.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil coinne leo.....**Error! Bookmark not defined.**

1.3.4. Táscairí feidhmíochta.....**Error! Bookmark not defined.**

1.4. Baineann an togra/tionscnamh le: .....**Error! Bookmark not defined.**

1.5. Foras an togra/tionscnaimh .....**Error! Bookmark not defined.**

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh**Error! Bookm**

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin. .....**Error! Bookmark not defined.**

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart**Error! Bookmark not d**

1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile .....**Error! Bookmark not defined.**

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh.....**Error! Bookmark not defined.**

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige .....**Error! Bookmark not defined.**

1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme**Error! Bookmark not defined.**

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA.....**Error! Bookmark not defined.**

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe.....**Error! Bookmark not defined.**

2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe .....**Error! Bookmark not defined.**

2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe .....**Error! Bookmark not defined.**

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú.....**Error! Bookmark not defined.**

2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)**Error! Bookmark not defined.**

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc.....**Error! Bookmark not defined.**

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH .....**Error! Bookmark not defined.**

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar .....**Error! Bookmark not defined.**

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe**Error! Bookmark not defin**

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí .....**Error! Bookmark not defined.**

3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar...**Error! Bookmark not defined.**

3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (ná líonadh gníomhaireachtaí díláraithe é seo isteach) .....**Error! Bookmark not defined.**

3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe riaracháin**Error! Bookmark not de**

3.2.3.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar....**Error! Bookmark not defined.**

3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach**Error! Bookmark not defined.**

3.2.4.1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar**Error! Bookmark not defined.**

3.2.5. Forbhreathnú ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha.....**Error! Bookmark not defined.**

3.2.6. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha**Error! Bookmark not defined.**

3.2.7. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe.....**Error! Bookmark not defined.**

4. Gnéithe digiteacha.....**Error! Bookmark not defined.**

4.1. Riachtanais a bhaineann le hábhar maidir le cúrsaí digiteacha**Error! Bookmark not defined.**

4.2. Sonraí .....**Error! Bookmark not defined.**

4.3. Réitigh dhigiteacha.....**Error! Bookmark not defined.**

4.4. Measúnú idir-inoibritheachta .....**Error! Bookmark not defined.**

4.5. Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach .....**Error! Bookmark not defined.**

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Gairm an Dlíodóra a Chosaint, i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus choiriúla// **AGUS//** Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Gairm an Dlíodóra a Chosaint, i ndáil le hábhair nach mbaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus choiriúla *Tabhair faoi deara: Tá dlúthbhaint idir an dá thogra sin (go substaintiúil agus i dtéarmaí impleachtaí buiséadacha) agus, dá bhrí sin, cuirtear ráiteas reachtach airgeadais agus digiteach amháin isteach le haghaidh an dá thogra agus cuirtear i gceangal iad, i gcóip, leis an dá cheann.*

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Ceartas (Comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus choiriúla) An margadh inmheánach (Saorghluaiseacht daoine, seirbhísí agus caipitil)

1.3. Cuspóirí

1.3.1. Cuspóirí ginearálta

Is é is aidhm do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Gairm an Dlíodóra a Chosaint ('Coinbhinsiún Lucsamburg') dlíodóirí agus a gcomhlachais ghairmiúla a chosaint. Is é an chéad chonradh idirnáisiúnta é atá ceangailteach ó thaobh dlí agus atá tiomnaithe do ghairm an dlíodóra a chosaint agus tá sé oscailte do Bhallstáit lasmuigh de Bhallstáit Chomhairle na hEorpa. Ó thaobh an Aontais de, tá sé ríthábhachtach dlíodóirí a chosaint ar ionsaithe d'fhonn luachanna coiteanna an Aontais a chosaint maidir leis an meas ar dhínit an duine, an tsaoirse, an daonlathas, an comhionannas, an smacht reachta agus an meas ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad mar a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE. Dá bhrí sin, is féidir a mheas go bhfuil cuspóirí an Choinbhinsiúin ailínithe le cuspóirí an Aontais. Tá roinnt caighdeán arna mbunú ag an gCoinbhinsiún cumhdaithe cheana in ionstraimí dhlí tánaisteach an Aontais, rud a fhágann gur comhaontú measctha é a gcomhroinneann an tAontas agus na Ballstáit inniúlacht ina leith agus ar cheart don Aontas agus do na Ballstáit araon, dá bhrí sin, iad a shíniú agus a thabhairt i gcrích

1.3.2. Cuspóirí sonracha

<u>Cuspóir sonrach Uimh.</u> (1) An Coinbhinsiún a shíniú agus, trí bhíthin tograí breise chuige sin amach anseo, é a thabhairt i gcrích.

1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe / grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Íoschaighdeáin choiteanna a bhunú chun dlíodóirí agus a n-eagraíochtaí gairmiúla a chosaint san Eoraip;

Frithbheart agus cur isteach míchuí ar fheidhmiú saor agus neamhspleách ghairm an dlí agus eagraíochtaí gairmiúla dlíodóirí a laghdú;

An smacht reachta a neartú sna Stáit rannpháirteacha trí fheidhmiú gan bhac ag dlíodóirí a ról bunúsach i gcórais cheartais sochaithe daonlathacha a neartú.

1.3.4. Táscairí feidhmíochta

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

Déanfaidh an Grúpa Saineolaithe um Ghairm an Dlíodóra a Chosaint (dá ngairtear GRAVO anseo feasta) faireachán ar chur chun feidhme an Choinbhinsiúin seo ag na Páirtithe, lena n-áirítear trí tháscairí a shocrú.

1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:

☒ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal / réamhbheart[1]

☐ síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

1.5. Foras an togra/tionscnaimh

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh

Ós rud é gur léiríodh i measúnú an Choimisiúin ar an gCoinbhinsiún go bhfuil inniúlacht sheachtrach eisiach ag an Aontas maidir le hábhair áirithe a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún, ní mór don Aontas an Coinbhinsiún a shíniú agus a thabhairt i gcrích in éineacht lena Bhallstáit. Chun na críche sin, is gá Cinntí ón gComhairle faoi Airteagal 218(5) agus (6) a ghlacadh. Ba cheart an cinneadh maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin a ghlacadh a luaithe is féidir, toisc nach bhféadfaidh na Ballstáit bailchríoch a chur ar an nós imeachta chun an Coinbhinsiún a dhaingniú iad féin sula mbeidh a chinneadh maidir le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe glactha ag an Aontas. Tá sé sin ag cur moill ar theacht i bhfeidhm an Choinbhinsiúin.

Thairis sin, is gá cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a ghlacadh lena leagtar amach an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste Airí Chomhairle na hEorpa maidir leis an modh chun ranníocaíocht airgeadais an Aontais leis an gCoinbhinsiún a ríomh i gcomhréir leis na ceanglais a bhunaítear in Airteagal 18(3) de.

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.

Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (ex ante)

[1] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

Tá méadú seasta ag teacht ar ionsaithe ar dhlíodóirí agus ar a n-eagraíochtaí gairmiúla agus is bagairt iad sin dár ndaonlathais. D'admhaigh an tAontas, Comhairle na hEorpa agus páirtithe leasmhara neamhrialtasacha é sin le fada an lá, go háirithe comhlachais bharra. Mar sin féin, roimh an gCoinbhinsiún, ní raibh aon ionstraim dlí spriocdhírithe ann ar leibhéal an Aontais ná ar an leibhéal Eorpach chun dul i ngleic leis an tsaincheist sin ar bhealach iomlánaíoch. Dá bhrí sin, is céim thábhachtach é tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin chun Gairm an Dlíodóra a Chosaint i dtreo cosaintí do dhlíodóirí a neartú agus, ar an gcaoi sin, an smacht reachta agus sláine ár ndaonlathas Eorpach a neartú.

Breisluach AE a mheastar a ghinfear (ex post)

Trí chosaintí ar ionsaí agus cur isteach míchuí ar dhlíodóirí agus ar a n-eagraíochtaí gairmiúla a neartú, is féidir a bheith ag súil leis go neartófar an smacht reachta agus, ar an gcaoi sin, sláine ár ndaonlathas Eorpach. D'fhéadfadh sé rannchuidiú freisin le cur chun feidhme níos fearr chreat dlíthiúil reatha an Aontais maidir le rialáil ghairm an dlí agus cearta gairmiúla dlíodóirí atá, mar gheall ar an raon leathan réimsí beartais a bhaineann leis, sách ilroinnte agus nach bhfuil inchomparáide ó thaobh raon feidhme agus mionsonraí de leis an gCoinbhinsiún.

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

Ní bhaineann le hábhar.

1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile

Tá an togra comhoiriúnach leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil reatha le haghaidh na tréimhse 2021-2027 agus leis an gClár um Cheartas a bunaíodh le haghaidh na tréimhse sin. Tá sé comhoiriúnach freisin leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile le haghaidh na tréimhse 2028–2034 agus leis an gClár um Cheartas atá beartaithe le haghaidh na tréimhse céanna.

Tacaíonn an Clár um Cheartas reatha le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus choiriúla, le hoiliúint bhreithiúnach agus le rochtain éifeachtach ar cheartas. Leanfaidh an Clár um Cheartas atá beartaithe de na cuspóirí sin a shaothrú, agus béim níos mó á leagan ar dhigitiú an cheartais.

Táthar ag súil go gcruthófar leis an tionscnamh sineirgí leis na Cláir Cheartais atá ann faoi láthair agus atá beartaithe, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an smacht reachta a chur chun cinn, neamhspleáchas agus feidhmiú éifeachtach na gcóras ceartais, cosaint dlíodóirí i bhfeidhmiú a ngníomhaíochtaí gairmiúla, agus rochtain éifeachtach ar cheartas.

Ó thaobh an Aontais de, tá sé ríthábhachtach dlíodóirí a chosaint ar ionsaithe agus ar chur isteach míchuí ar fheidhmiú a ngairme d'fhonn luachanna coiteanna an Aontais a chosaint, is iad sin meas ar dhínit an duine, an tsaoirse, an daonlathas, an comhionannas, an smacht reachta agus meas ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad mar a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE. Dá bhrí sin, is féidir a mheas go bhfuil cuspóirí an Choinbhinsiúin ailínithe le cuspóirí an Aontais. Tá roinnt caighdeán a bunaíodh leis an gCoinbhinsiún cumhdaithe cheana féin in ionstraimí dhlí tánaisteach an Aontais i réimsí an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair shibhialta agus choiriúla agus na saorghluaiseachta daoine, seirbhísí agus caipitil.

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh

Foráiltear le hAirteagal 18(3) den Choinbhinsiún ‘go rannchuideoidh aon Pháirtí nach comhalta de Chomhairle na hEorpa é le gníomhaíochtaí GRAVO agus Choiste na bPáirtithe a chistiú de réir na módúlachtaí arna mbunú ag an gCoiste Airí’. Tá feidhm aige sin maidir leis an Aontas. Léirítear sa Tuarascáil Mhíniúcháin a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, i bprionsabal, go mbeadh feidhm ag Rún CM/Res(2022)6 ón gCoiste Airí maidir le socruithe airgeadais le haghaidh rannpháirtíocht an Aontais Eorpaigh agus Stát nach Ballstáit iad i sásraí leantacha choinbhinsiúin Chomhairle na hEorpa chun na costais a bheadh i gceist le haontachas an Aontais Eorpaigh don Eagraíocht a chumhdach, go háirithe i ndáil leis an sásra leantach.

Tá an Coimisiún i gcoinne chur i bhfeidhm an mhodha chun rannchuidiú an Aontais a leagtar amach i Rún 2022 a ríomh, toisc nach gcuirtear san áireamh ann go n-aontaíonn an tAontas don Choinbhinsiún in éineacht lena Bhallstáit. Dá bhrí sin, tá dearbhú á mholadh, dearbhú atá i gceangal leis na tograí maidir le síniú agus tabhairt i gcrích, faoi thuiscint an Aontais ar Airteagal 18(3) den Choinbhinsiún. Luaitear sa dearbhú sin go dtuigeann an tAontas go mbunóidh an Coiste Airí a ranníocaíocht le cistiú ghníomhaíochtaí GRAVO agus Choiste na bPáirtithe sa Choinbhinsiún, tar éis comhaontú leis an Aontas maidir leis an ranníocaíocht sin a ríomh, agus é á chur san áireamh go n-aontóidh an tAontas don Choinbhinsiún in éineacht lena Bhallstáit.

Tá Cinneadh ón gComhairle á mholadh ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 218(9) lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh ag na Ballstáit thar ceann an Aontais sa Choiste Airí nuair a dhéanfar cinneadh maidir leis an modh chun ranníocaíocht airgeadais an Aontais a ríomh. Gan dochar do chur chuige an Aontais maidir le hionstraimí eile de chuid Chomhairle na hEorpa a mhaoiniú, molann an Coimisiún go n-úsáidfí an modh ríofa céanna a comhaontaíodh, de bhua malartú litreacha, i gcás Choinbhinsiún Iostanbúl.

Is é an cur chuige a glacadh chun críche Choinbhinsiún Iostanbúl go ndéanfaidh an tAontas ranníocaíocht atá cothrom le ranníocaíocht mór-ranníocóra. Chun an méid sin a ríomh, chomhaontaigh an tAontas Eorpach go ndéanfaí costais an Choinbhinsiúin a shainiú mar a leanas:

a. costas buiséadach an Choinbhinsiúin, i.e. an costas a bhaineann go díreach le Coinbhinsiún Lucsamburg (gan Caiteachas Ginearálta Bainistíochta) (A)

b. costais riaracháin 27 % den chostas buiséadach a chur leis. (B) = 27 %*A.

Thairis sin, soiléiríodh nár cheart ranníocaíocht airgeadais an Aontais Eorpaigh a chur san áireamh chun na costais bhuiséadacha dá dtagraítear faoi phointe (A) a ríomh.

A luaithe a ghlacfar an cinneadh lena mbunaítear seasamh an Aontais maidir le modh ríofa ranníocaíocht airgeadais an Aontais, tá sé beartaithe é sin a chur in iúl do Rúnaíocht Chomhairle na hEorpa agus deimhniú a fháil uaithi go gcomhaontaíonn sí leis an modh ríofa atá beartaithe ag an Aontas trí mhalartú litreacha. Ina dhiaidh sin, ba cheart don Choiste Airí cinneadh a dhéanamh maolú ar chur i bhfeidhm Rún 2022 ina vótálann na Ballstáit i gcomhréir leis an gcomhsheasamh arna bhunú sa chinneadh ón gComhairle a glacadh chun na críche sin.

Ag an bpointe seo, gan deimhniú foirmiúil ar an modh ríofa le haghaidh ranníocaíocht an Aontais agus gan aon uimhir iontaofa le haghaidh na gcostas a

ghinfidh an Coinbhinsiún (níl an Coinbhinsiún tagtha i bhfeidhm go fóill agus tá na costais ag brath, i.a., ar líon na Stát rannpháirteach), ní féidir na costais bheachta ar bhuiséad an Aontais a thuar. Chuir Comhairle na hEorpa na meastacháin seo a leanas ar fáil dúinn go neamhfhoirmiúil, áfach, maidir leis na costais a d'fhéadfadh a bheith ann don tréimhse 2028-2031:

Bliain:	**2028**	**2029**	**2030**	**2031**
Iomlán na gcostas díreach measta (€K)	305,7	311,8	592,7	604,6
Costais indíreacha 27 %	82,5	84,2	160,0	163,2
Bonn foriomlán do ranníocaíocht an Aontais (€K)	388,2	396,0	752,8	767,8
Ranníocaíocht an Aontais (€K):	49,5	50,5	96,1	98,0

Cuireadh na toimhdí seo a leanas i bhfeidhm sna ríomhanna thuas:

- teacht i bhfeidhm an Choinbhinsiúin in 2028 (8 ndaingniú, lena n-áirítear 6 Bhallstát) agus méadú ar na daingniúcháin (ach níos lú ná 25 Bhallstát) le linn na tréimhse;
- Foireann: 2 (1A, 1B) in 2028-2029, ag méadú go 4 (2A, 2B) in 2030-2031;
- Trí chruinniú in aghaidh na bliana (dhá cheann den sásra faireacháin (GRAVO - ochtar comhaltaí) agus ceann de Choiste na bPáirtithe);
- boilsciú feidhmeach 2 % in aghaidh na bliana;
- déanfaidh GRAVO cinneadh maidir lena rialacha nós imeachta féin; glactar leis gur leor an fhaisnéis a bhailítear agus go mbeadh cuairteanna le linn na tréimhse sin an-teoranta, más ann dóibh.

Is é an ráta ranníocaíochta a chuirtear i bhfeidhm ráta na bpríomh-ranníocóirí le haghaidh 2026 (12.7607 %). Tabharfar an ráta sin cothrom le dáta gach bliain i gcomhréir le Rún(94)31 maidir leis an modh chun scálaí ranníocaíochtaí na mBallstát le Buiséid Chomhairle na hEorpa a ríomh. Má bhíonn an fás ar líon na ndaingnithe níos ísle le linn na tréimhse, d'fhéadfaí na costais le haghaidh 2030-2031 a laghdú (agus a mhéadú má bhíonn na daingniúcháin níos airde, cé gur lú an seans go dtarlóidh sé sin).

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige

☐ **tréimhse theoranta**

– ☐ i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

– ☐ tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☒ **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme[2]

☒ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☒ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí)

– ☐ an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta

– ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais

– ☐ comhlachtaí dlí poiblí

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha

– ☐ comhlachtaí nó daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta sonracha de chuid an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar comhlachtaí nó daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha

– ☐ comhlachtaí arna mbunú i mBallstát, arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit nó ag dlí an Aontais agus atá incháilithe le go gcuirfear de chúram orthu, i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha, cistí an Aontais nó ráthaíochtaí buiséadacha a chur chun feidhme, a mhéid a bhíonn na comhlachtaí sin á rialú ag comhlachtaí dlí poiblí nó ag comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach a

[2] Tá mionsonraí maidir le modhanna trína gcuirfear an buiséad chun feidhme le fáil ar an suíomh gréasáin BUDGpedia, chomh maith le tagairtí don Rialachán Airgeadais: https://myintracomm.ec.europa.eu/corp/budget/financial-rules/budget-implementation/Pages/implementation-methods.aspx.

bhfuil misean seirbhíse poiblí acu, agus a mhéid a sholáthraíonn na comhlachtaí rialúcháin ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh i bhfoirm dliteanas comhpháirteach agus leithleach nó ráthaíochtaí airgeadais coibhéiseacha, agus ar ráthaíochtaí iad a d'fhéadfadh, le haghaidh gach birt, a bheith teoranta d'uasmhéid thacaíocht an Aontais.

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

A luaithe a thiocfaidh an Coinbhinsiún i bhfeidhm don Aontas, iarrfar ar an Aontas ranníocaíocht airgeadais a dhéanamh. Is ar an dáta a dhéanfar an glao seo ar ranníocaíocht a thosóidh an spriocdháta don Aontas chun a chéad ranníocaíocht a íoc. Ní mór aon trian den mhéid a aistriú laistigh de 2 mhí ón dáta sin agus an chuid eile laistigh de 6 mhí.

Déanfar na ranníocaíochtaí uile seo a leanas a ríomh agus beidh siad iníoctha in aghaidh na bliana.

2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe

Tá an modh chun méid ranníocaíocht airgeadais an Aontais a ríomh, a bhfuil sé beartaithe díriú air, bunaithe, mar a mhínítear thuas, ar an gcur chuige a glacadh i ndáil le ranníocaíocht an Aontais leis na costais airgeadais arna nginiúint ag Coinbhinsiún Iostanbúl Chomhairle na hEorpa.

Meastar go bhfuil an modh ríofa sin (modh Iostanbúl) níos iomchuí ná an modh a leagtar amach i Rún CM/Res(2022)6 ón gCoiste Airí maidir le socruithe airgeadais le haghaidh rannpháirtíocht an Aontais Eorpaigh agus Stát nach Ballstáit iad i sásraí leantacha choinbhinsiúin Chomhairle na hEorpa, ós rud é nach gcuirtear san áireamh sa dara ceann go bhfuil an Coinbhinsiún á thabhairt i gcrích ag an Aontas in éineacht lena Bhallstáit, atá, mar Chomhaltaí de Chomhairle na hEorpa, ag rannchuidiú cheana féin lena Bhuiséad Ginearálta as a gcumhdaítear costais an Choinbhinsiúin go príomha.

Le modh Iostanbúl, ceanglaítear ar an Aontas méid atá cothrom le méid mór-ranníocóra a íoc. Is é 12.7607 % an ráta a léirítear chun na críche sin don bhliain 2026. Mar a mhínítear thuas, tabharfar an ráta sin cothrom le dáta gach bliain i gcomhréir le Rún 94/31 maidir leis an modh chun scálaí ranníocaíochtaí na mBallstát le Buiséid Chomhairle na hEorpa a ríomh.

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú

Ní bhaineann le hábhar.

2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)

Ní dhéanann an Cinneadh seo difear do chostéifeachtacht rialuithe an Choimisiúin atá ann cheana.

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Ó thaobh an Choimisiúin de, cumhdófar na leithreasuithe is gá le haghaidh an Chinnidh seo leis na bearta coiscthe, rialaithe agus iniúchóireachta calaoise is infheidhme maidir leis an gCoimisiún atá ann cheana. Cuirfidh Comhairle na hEorpa a rialacha agus a nósanna imeachta féin i bhfeidhm chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

Is chun críoch léiriúcháin amháin a chuirtear isteach an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas agus ar sholáthar foirne do 2028 agus ina dhiaidh sin, agus níl sé ina réamhbhreith ar an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile. Tá foinse maoiniúcháin agus raon feidhme ghealltanas airgeadais an Aontais sa tréimhse tar éis 2027 fós faoi réir thoradh na caibidlíochta idirinstitiúidí maidir le CAI 2028-2034 agus cinnfear iad ina diaidh sin tríd an nós imeachta buiséadach bliantúil. Is leithreasuithe agus leithdháiltí táscacha iad na leithreasuithe agus na leithdháiltí foirne uile ó 2028 ar aghaidh.

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne bhuiséid	Cineál caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN[1].	ó thíortha de chuid CSTE[2]	ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha[3]	Ó thríú tíortha eile	ioncam sannta eile
2	Líne thacaíochta an Chláir um Cheartas	Neamhdhifreáilte	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL
	[XX.YY.YY.YY]	LD/LN	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL
	[XX.YY.YY.YY]	LD/LN	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne bhuiséid	Cineál caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN	ó thíortha de chuid CSTE	ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha	Ó thríú tíortha eile	ioncam sannta eile
	[XX.YY.YY.YY]	LD/LN	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL

[1] LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.
[2] CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.
[3] Tíortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb infheidhme, tíortha ó na Balcáin Thiar arb iarrthóirí ionchasacha iad.

	[XX.YY.YY.YY]	LD/LN	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL
	[XX.YY.YY.YY]	LD/LN	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos

3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil	Uimhir	2

AS JUST			Bliain **2028**	Bliain **2029**	Bliain **2030**	Bliain **2031**	Bliain **2032**[1]	Bliain **2033**[2]	Bliain **2034**[3]	**IOMLÁN CAI 2028-2034**
Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí										
Líne thacaíochta an Chláir um Cheartas	Gealltanais	(1a)	0,050	0,051	0,096	0,098	0,098	0,098	0,098	**0,589**
	Íocaíochtaí	(2a)	0,050	0,051	0,096	0,098	0,098	0,098	0,098	**0,589**
Líne bhuiséid	Gealltanais	(1b)								**0**
	Íocaíochtaí	(2b)								**0**
Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach[4]										
Líne bhuiséid		(3)								**0**

[1] Ní bhfuaireamar ach réamhaisnéis ó Chomhairle na hEorpa maidir le méid dóchúil ranníocaíocht an Aontais (bunaithe ar chur chuige ríofa Iostanbúl) do na blianta 2028-2031. D'fhéadfadh coinne a bheith leis, áfach, go mbainfear amach an ranníocaíocht go ginearálta tar éis 2031, ós rud é go meastar nach dtiocfaidh méadú suntasach ar líon na bpáirtithe agus ar na costais ghaolmhara a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Choinbhinsiúin tar éis 2031.

[2] Ibid.

[3] Ibid.

[4] Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

IOMLÁN leithreasuithe	Gealltanais	=1a+1b+3	**0,050**	**0,051**	**0,096**	**0,098**	**0,098**	**0,098**	**0,098**	**0,589**
do AS JUST	Íocaíochtaí	=2a+2b+3	**0,050**	**0,051**	**0,096**	**0,098**	**0,098**	**0,098**	**0,098**	**0,589**

			Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	**IOMLÁN CAI**
			2028	**2029**	**2030**	**2031**	**2032**	**2033**	**2034**	**2028-2034**
IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	Gealltanais	(4)	0,050	0,051	0,096	0,098	0,098	0,098	0,098	**0,589**
	Íocaíochtaí	(5)	0,050	0,051	0,096	0,098	0,098	0,098	0,098	**0,589**
IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach		(6)	0	0	0	0	0	0	0	**0**
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 2 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	=4+6	**0,050**	**0,051**	**0,096**	**0,098**	**0,098**	**0,098**	**0,098**	**0,589**
	Íocaíochtaí	=5+6	**0,050**	**0,051**	**0,096**	**0,098**	**0,098**	**0,098**	**0,098**	**0,589**

Is chun críoch léiriúcháin amháin a chuirtear isteach an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas do 2028 agus ina dhiaidh sin, agus níl sé ina réamhbhreith ar an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile. Tá foinse maoiniúcháin agus raon feidhme ghealltanas airgeadais an Aontais sa tréimhse tar éis 2027 fós faoi réir thoradh na caibidlíochta idirinstitiúidí maidir le CAI 2028-2034 agus déanfar iad a chinneadh tríd an nós imeachta buiséadach bliantúil agus an sásra stiúrtha ina dhiaidh sin.

Ní bhaineann an tionchar measta ar chaiteachas agus ar fhoireann leis an togra seo amháin ach cumhdaítear leis freisin an ‘Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Gairm an Dlíodóra a Chosaint, i ndáil le hábhair **a bhaineann le** comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus choiriúla’. Is é is cúis leis sin go bhfuil dlúthbhaint idir cur chun feidhme an dá thogra sin (le gníomhaíochtaí agus acmhainní comhroinnte). Tá údar leis an deighilt in dhá thogra de réir bunúis dlí

éagsúla (féach an Meabhrán Míniúcháin), a leanann nósanna imeachta reachtacha éagsúla agus, dá bhrí sin, ní féidir iad a chomhcheangal in aon togra amháin.

Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil		4	'Caiteachas riaracháin'[5]							
Ard-Stiúrthóireacht: JUST			Bliain **2028**	Bliain **2029**	Bliain **2030**	Bliain **2031**	Bliain **2032**	Bliain **2033**	Bliain **2034**	**IOMLÁN CAI 2028-2034**
• Acmhainní daonna			0,194	0,194	0,194	0,194	0,194	0,194	0,194	**1,358**
• Caiteachas riaracháin eile			0,003	0,003	0,003	0,003	0,003	0,003	0,003	**0,021**
IOMLÁN AS JUST	**0,197**		**0,197**	**0,197**	**0,197**	**0,197**	**0,197**	**0,197**	**1,379**	**1,358**

IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 4 den chreat airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán na ngealltanas = Iomlán na n-íocaíochtaí)	**0,197**	**0,197**	**0,197**	**0,197**	**0,197**	**0,197**	**0,197**	**1,379**

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain **2028**	Bliain **2029**	Bliain **2030**	Bliain **2031**	Bliain **2032**	Bliain **2033**	Bliain **2034**	**IOMLÁN CAI 2028-2034**
IOMLÁN na leithreasuithe faoi	Gealltanais	**0,247**	**0,248**	**0,293**	**0,295**	**0,295**	**0,295**	**0,295**	**1,968**

[5] Is trí úsáid a bhaint as na figiúirí maidir le meánchostas bliantúil atá le fáil ar an leathanach gréasáin iomchuí de chuid BUDGpedia ba cheart na leithreasuithe is gá a chinneadh.

CHEANNTEIDIL 1 go 4										
den chreat airgeadais ilbhliantúil	Íocaíochtaí	**0,247**	**0,248**	**0,293**	**0,295**	**0,295**	**0,295**	**0,295**	**1,968**

3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (ná líonadh gníomhaireachtaí díláraithe é seo isteach)

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Sonraigh cuspóirí agus aschur			Bliain **2028**		Bliain **2029**		Bliain **2030**		Bliain **2031**		Iontráil na blianta ar fad is gá chun a léiriú cé chomh fada agus a mhairfidh an tionchar (féach Roinn 1.6)						**IOMLÁN**	
	ASCHUIR																	
⇩	Cineál [6]	Meán costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon iomlán	Costas iomlán
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[7]…																		
- Aschur																		
- Aschur																		
- Aschur																		
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1																		
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2...																		
- Aschur																		
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2																		

6 Is éard atá in aschuir táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g. an líon malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, an líon iomlán km de bhóithre a tógadh, etc.).

7 Mar a thuairiscítear i Roinn 1.3.2. ‘Cuspóirí sonracha’

IOMLÁIN																

3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe riaracháin

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos

3.2.3.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar

LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR	Bliain 2028	Bliain 2029	Bliain 2030	Bliain 2031	Bliain 2032	Bliain 2033	Bliain 2034	IOMLÁN 2028 - 2034
CEANNTEIDEAL 4								
Acmhainní daonna	0,194	0,194	0,194	0,194	0,194	0,194	0,194	**1,358**
Caiteachas riaracháin eile	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000	**0,000**
Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 4	**0,194**	**0,194**	**0,194**	**0,194**	**0,194**	**0,194**	**0,194**	**1,358**
Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 4								
Acmhainní daonna	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000	**0,000**
Caiteachas eile de chineál riaracháin	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000	**0,000**
Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 4	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,000**
IOMLÁN	**0,194**	**0,194**	**0,194**	**0,194**	**0,194**	**0,194**	**0,194**	**1,358**

Cumhdófar na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon, más gá, le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Is chun críoch léiriúcháin amháin a chuirtear isteach an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas agus ar sholáthar foirne do 2028 agus ina dhiaidh sin, agus níl sé ina réamhbhreith ar an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile. Tá foinse maoiniúcháin agus raon feidhme ghealltanas airgeadais an Aontais sa tréimhse tar éis 2027 fós faoi réir thoradh na caibidlíochta idirinstitiúidí maidir le CAI 2028-2034 agus cinnfear iad ina diaidh sin tríd an nós imeachta buiséadach bliantúil. Is leithreasuithe agus leithdháiltí táscacha iad na leithreasuithe agus na leithdháiltí foirne uile ó 2028 ar aghaidh.

3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna, mar a mhínítear thíos

3.2.4.1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar

Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha[1]

LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR	Bliain 2028	Bliain 2029	Bliain 2030	Bliain 2031	Bliain 2032	Bliain 2033	Bliain 2034

[1] Sonraigh thíos an líon aonad de choibhéis lánaimseartha atá sannta cheana do bhainistiú an bhirt agus/nó ar féidir iad a ath-imlonnú laistigh de d'Ard-Stiúrthóireacht, maille leis na glanriachtanais atá agat.

• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)							
20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)	1	1	1	1	1	1	1
20 01 02 03 (Toscaireachtaí an Aontais)	0	0	0	0	0	0	0
(Taighde indíreach)	0	0	0	0	0	0	0
(Taighde díreach)	0	0	0	0	0	0	0
Línte buiséid eile (sonraigh)	0	0	0	0	0	0	0
• Foireann sheachtrach (in aonaid de choibhéis lánaimseartha)							
20 02 01 (AC, END ón 'imchlúdach iomlánaíoch')	0	0	0	0	0	0	0
20 02 03 (AC, AL, END, agus JPD i dToscaireachtaí an Aontais)	0	0	0	0	0	0	0
Riarachán Líne thacaíochta • sa cheanncheathrú	0	0	0	0	0	0	0
[XX.01.YY.YY] • i dToscaireachtaí an Aontais	0	0	0	0	0	0	0
(AC, END - Taighde indíreach)	0	0	0	0	0	0	0
(AC, END - Taighde díreach)	0	0	0	0	0	0	0
Línte buiséid eile (sonraigh) - Ceannteideal 4	0	0	0	0	0	0	0
Línte buiséid eile (sonraigh) - Lasmuigh de Cheannteideal 4	0	0	0	0	0	0	0
IOMLÁN	1	1	1	1	1	1	1

An fhoireann is gá chun an togra a chur chun feidhme (in aonaid de choibhéis lánaimseartha):

An Coimisiún:

	Le cumhdach ag baill foirne reatha atá ar fáil i seirbhísí an Choimisiúin	**Foireann bhreise eisceachtúil***		
		Le maoiniú faoi Cheannteideal 4	**Le maoiniú ó líne BA**	**Le maoiniú ó tháillí**
Poist sa phlean bunaíochta	1 FTE (post AD) - ó dhíorma ath-imlonnaithe an Choimisiúin.	Ní bhaineann le hábhar	Ní bhaineann le hábhar	Ní bhaineann le hábhar
Foireann sheachtrach (CA, SNEnna, INT)	Ní bhaineann le hábhar	Ní bhaineann le hábhar	Ní bhaineann le hábhar	Ní bhaineann le hábhar

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh ag:

Oifigigh agus pearsanra sealadach	**An Coimisiún** Chun an togra a chur chun feidhme, tá gá le **1 FTE** in **AS JUST (Oifigeach Dlí)** chun, *inter alia*, an méid seo a leanas a dhéanamh: (1) comhordú a dhéanamh ar an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir le haon chinneadh a dhéanfaidh Coiste na bPáirtithe agus i gCoiste Aire Chomhairle na hEorpa a bhaineann le cinntí i ndáil leis an gCoinbhinsiún; (2) páirt a ghlacadh i gcruinnithe Choiste na bPáirtithe, thar ceann an Aontais; (3) páirt a ghlacadh i gcleachtadh faireacháin chur chun feidhme an Choinbhinsiúin. Is léir ón taithí a fuarthas ó ionstraimí eile de chuid Chomhairle na hEorpa arna ndaingniú ag an Aontas (amhail Coinbhinsiún Iostanbúl) go bhféadfadh 1 FTE a bheith san ualach oibre. Faoi láthair, ní féidir le AS JUST an 1 Oifigeach Dlí FTE is gá a chumhdach ó acmhainní atá ann cheana. Ní féidir an gá a ionsú go hiomlán trí ath-imlonnú inmheánach laistigh de AS JUST, i bhfianaise an ualaigh oibre atá ann cheana a bhaineann le comhaid reachtúla agus tosaíochta a chur chun feidhme. Le hath-imlonnú breise, chuirfí i mbaol seachadadh tráthúil tionscnamh atá íogair ó thaobh na polaitíochta de agus a bhfuil tosaíocht tugtha dóibh (atá nasctha, mar shampla, leis an gcogadh san Úcráin, le cosaint an daonlathais agus leis an iomaíochas) atá beartaithe lena gcur san áireamh sa chéad Chlár Oibre eile de chuid an Choimisiúin. Chuirfeadh sé isteach freisin ar thosaíochtaí reatha, amhail méadú ar na hiarrachtaí forfheidhmiúcháin le haghaidh acquis JUST.
Pearsanra seachtrach	Ní bhaineann le hábhar

Is chun críoch léiriúcháin amháin a chuirtear isteach an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas agus ar sholáthar foirne do 2028 agus ina dhiaidh sin, agus níl sé ina réamhbhreith ar an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile. Tá foinse maoiniúcháin agus raon feidhme ghealltanas airgeadais an Aontais sa tréimhse tar éis 2027 fós faoi réir thoradh na caibidlíochta idirinstitiúidí maidir le CAI 2028-2034 agus cinnfear iad ina diaidh sin tríd an nós imeachta buiséadach bliantúil. Is leithreasuithe agus leithdháiltí táscacha iad na leithreasuithe agus na leithdháiltí foirne uile ó 2028 ar aghaidh.

3.2.5. Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha

IOMLÁN Na leithreasuithe digiteacha agus TF	Bliain **2028**	Bliain **2029**	Bliain **2030**	Bliain **2031**	Bliain **2032**	Bliain **2033**	Bliain **2034**	**IOMLÁN CAI 2028 - 2034**
CEANNTEIDEAL 4								

Caiteachas TF (corparáideach)	0	0	0	0	0	0	0	**0**
Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 4	**0**	**0**	**0**	**0**	**0**	**0**	**0**	**0**
Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 4								
Caiteachas beartais ar uirlisí TF i dtaca le cláir oibríochtúla	0	0	0	0	0	0	0	**0**
Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 4	**0**	**0**	**0**	**0**	**0**	**0**	**0**	**0**
IOMLÁN	**0**	**0**	**0**	**0**	**0**	**0**	**0**	**0**

3.2.6. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☒ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI)

– ☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid

– ☐ is gá athbhreithniú a dhéanamh ar CAI

3.2.7. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☒ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

– ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain **2028**	Bliain **2029**	Bliain **2030**	Bliain **2031**	Bliain **2032**	Bliain **2033**	Bliain **2034**	Iomlán
Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe								
IOMLÁN na leithreasuithe cómhaoinithe								

3.3. An tionchar a mheastar a imreofar ar ioncam

– ☒ Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra/tionscnamh ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

  – ☐ ar acmhainní dílse

  – ☐ ar ioncam eile

  – ☐ má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Líne buiséid ioncaim:	Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha	Tionchar an togra/tionscnaimh[2]						
		Bliain **2028**	Bliain **2029**	Bliain **2030**	Bliain **2031**	Bliain **2032**	Bliain **2033**	Bliain **2034**
Airteagal …….								

I gcás ioncam atá sannta, sonraigh na línte buiséid caiteachais a ndéantar difear dóibh.

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

4. GNÉITHE DIGITEACHA

4.1. Ceanglais a bhaineann le cúrsaí digiteacha

Ní bhaineann le hábhar.

4.2. Sonraí

Ní bhaineann le hábhar.

4.3. Réitigh dhigiteacha

Ní bhaineann le hábhar.

4.4. Measúnú idir-inoibritheachta

Ní bhaineann le hábhar.

4.5. Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach

Ní bhaineann le hábhar.

[2] I gcás acmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 10 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu, mar a mholtar in COM(2025)574.